

## Ábhar

### Mír Éisteachta

## Téacs a léamh

**Deirdre Nic Mhathúna, léachtóir le Gaeilge i gColáiste Phádraig, Droim Conrach, ag labhairt faoin gcomhairle a bheadh aici do mhic léinn agus iad ag léamh téacs.**

Ní cúrsa teagaisc ná plean ranga atá i gceist leis an ábhar samplach seo. Is **sampla** atá ann de na cineálacha tascanna a d'fhéadfaí a bhunú ar théacsanna éagsúla d'fhonn is na hinniúlachtaí agus na scileanna atá á gcur chun cinn sa siollabas a fhorbairt. Moltar go gcuirfeadh teagascóirí an t-ábhar **in oiriúint dá gcuid mac léinn féin.**



# Téacs a Léamh

## Réamhobair

Beidh tú ag éisteacht leis an Dr Deirdre Nic Mhathúna, léachtóir i gColáiste Phádraig, Droim Conrach, ag cur comhairle faoi conas téacs a léamh.

Ar dtús déan an réamhobair seo:

### Tascanna

- Bí ag obair le duine eile chun bhur bpointí comhairle féin faoi conas leabhar a léamh a chur le chéile. Féadfaidh sibh bhur gcuid pointí a chur i gcomparáid le cinn Dheirdre ar ball.
- Féach ar na focail seo thíos agus déan iarracht an dá cholún a cheangal.

1. béaloideas	a. anthology
2. beathaisnéis	b. novel
3. dírbheathaisnéis	c. glossary
4. fabhalscéal	d. <i>genre</i>
5. miotas	e. myth
6. síscéal	f. collection
7. úrscéal	g. biography
8. díolaim	h. folklore
9. cnuasach	i. fairytale
10. reacaire	j. telling
11. seánra	k. fable
12. insint	l. narrator
13. gluais	m. autobiography

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12	13

### Plé

- Cén úsáid is féidir a bhaint as foclóir (i) nuair atá tú ag léamh téacs; (ii) nuair atá tú ag scríobh?
- Cad iad na foclóirí Gaeilge atá ann? Cén úsáid a bhaineann tú astu?

## Éisteacht

Anois éist leis an mír agus scríobh ceist amháin a chuireann Deirdre faoi gach ceann de na pointí seo:

(i) suíomh; (ii) pearsana; (iii) plota

## Feasacht Teanga

- Cuir Gaeilge ar na ceisteanna seo a leanas a bhí le cloisteáil sa mhír. Tabhair an freagra ceart *yes/no* ar cheisteanna 1-4.

1. Are they people you'd meet on the street?
2. Are they realistic?
3. Is it a novel?
4. Is it a play?
5. Who is the person who tells the story?
6. What does it look like?

Conas a mhíneofá an difear idir 'tá' agus 'sea' sa Ghaeilge?

Tabhair an freagra ceart ar na ceisteanna seo:

1. An bhfuil tú go maith?
  2. An leabhar maith é sin?
  3. An mac léinn fochéime tú?
  4. An bhfuil an aiste déanta agat?
  5. An coláiste maith é seo?
  6. An léachtóir deas í an bhean sin?
  7. An bhfuil an léachtóir sin deas?
- Féach ar na frásaí thíos as an mír – roghnaigh an leagan ceart agus mínigh cén fáth a bhfuil tú á roghnú.

- |                     |                  |
|---------------------|------------------|
| 1. cúpla suíomh     | cúpla suíomhanna |
| 2. cúpla ceisteanna | cúpla ceist      |
| 3. trí ghné         | trí ghnéithe     |
| 4. an chéad ceist   | an chéad cheist  |
| 5. gach duine       | gach dhuine      |
| 6. roinnt rud       | roinnt rudaí     |

- Scríobh na frásaí thíos a bhí le cloisteáil sa mhír agus mínigh an patrún gramadaí atá i gceist.

1. suíomh + an leabhar
2. i gcás + an suíomh
3. plota + an scéal
4. stíl + scríbhneoireacht
5. foclóir + léirmheastóireacht
6. do chuid + anailís

### Tascanna

- Déan liosta aidiachtaí a d'fhéadfaí a úsáid chun cur síos a dhéanamh ar leabhar / ar scéal.
- Déan liosta frásaí a chuirfeadh in iúl cad a cheapann tú de leabhar / de scéal.
- Smaoinigh ar leabhar éigin a léigh tú le déanaí. Scríobh 10 n-abairt faoin leabhar sin ag baint úsáide as frásaí agus aidiachtaí ón liosta thíos. Tabhair aird ar leith ar an athrú a chuireann an focal 'go' ar na briathra a úsáidfidh tú.

is dóigh liom go  
ceapaim go  
samhlaím go  
feictear dom go  
samhlaítear dom go  
ritheann sé liom go  
is é mo thuairim go  
is é mo bharúil go  
mothaím go  
thug mé faoi deara go  
d'aithin mé go  
bhí an chuma air go  
maíonn an t-iriseoir go

tarraingteach  
mealltach  
suntasach  
suaithinseach  
pléisiúrtha  
spreagúil  
corraitheach  
fadálach

### Plé

- Féach ar na nithe thíos a luann Deirdre – cad atá i gceist leo, dar leat?

Insint an scéil  
An ghluaiseacht atá faoin insint  
An stíl scríbhneoireachta atá ag an údar  
An rannóg lena mbaineann an téacs  
Leagan amach an leabhair

- An bhfuair tú féin riamh aon treoir faoi conas téacs a léamh? An bhfuil sé deacair anailís a dhéanamh ar na leabhair atá ar an gcúrsa litríochta? Cad atá deacair faoi?
- Cad é an leabhar is fearr a léigh tú riamh? Cén fáth ar thaitin sé leat?
- Pléigh an ráiteas seo:  
Ní leor achoimre ar an scéal chun anailís a dhéanamh ar théacs.

## Téipscript

Tá trí ghné ann ach go háirithe go mba cheart duit díriú orthu agus tú ag cur tús leis an anailís atá á dhéanamh agat ar an leabhar nó cibé téacs atá i gceist. Agus is iad sin suímh an leabhair, na pearsana agus an plota. Agus féadfaidh tú sraith ceisteanna a chur ort féin maidir le gach aon cheann de na gnéithe seo, abair. I gcás an tsuímh, an chéad cheist ba cheart duit a chur ort féin, dar ndóigh, ná ‘Cá bhfuil an scéal suite?’, agus ‘An amhlaidh go bhfuil cúpla suíomh i gceist, b’fhéidir?’; ‘An bhfuil cuid de na suímh\* níos tábhachtaí ná a chéile?’. Agus ansin maidir leis na pearsana dar ndóigh, an chéad cheist arís ná ‘Cé hiad?’; ‘Cé hiad pearsana an leabhair?’; ‘An féidir leat iad a rangú?’; ‘An amhlaidh go bhfuil cuid acu ina bpríomhphearsana?’; agus ‘An bhfuil mionphearsana i gceist chomh maith céanna?’; ‘Conas mar a chuirtear na pearsana seo inár láthair?’; ‘An mbuailimid le gach duine acu?’; agus ‘Cad iad na tréithe atá acu?’; ‘An bhfuil siad réadúil, dar leat?’; ‘An daoine iad go bhféadfá bualadh leo ar an tsráid, abair?’ Agus maidir leis an bplota ansin – ‘Cad a thiteann amach sa leabhar?’; ‘Cad a tharlaíonn?’; ‘An bhfuil níos mó ná plota amháin sa scéal?’. Agus má tá, ‘Cad iad na ceangail atá idir na plotaí sin?’; ‘An bhfuil aon chasadh sa phlota?’

Tar éis duit plé leis na gnéithe éagsúla ar fad a bhaineann le struchtúr an leabhair beidh tú ag iarraidh plé ansin leis an téacs ina iomláine. Agus cífidh tú go mbíonn na gnéithe éagsúla ar fad fite fuaite le chéile. Agus arís, d’fhéadfá cúpla ceist a chur ort féin ina thaobh san, abair: ‘Cad é an gaol atá idir an suíomh agus an plota?’; ‘Cén tionchar a bhíonn ag na pearsana féin ar phlota an scéil?’; ‘An mbíonn éifeacht abair, ag a dtréithe nó ag a n-iompar ar cad a thiteann amach sa scéal?’. Ina dhiaidh sin b’fhéidir gur mhaith leat féachaint ar an reacaire. ‘Cé hé an duine a insíonn an scéal?’; ‘An bhfuil ról aige seo nó aici seo sa scéal féin, nó an amhlaidh gur reacaire uilefheasach é/ nó í?’

Teastóidh uait chomh maith roinnt rudaí a rá maidir le hinsint an scéil, faoin ngluaiseacht atá faoin insint agus faoin stíl scríbhneoireachta atá ag an údar. Rud eile go mba mhaith leat féachaint air ná an *genre* nó an rannóg lena mbaineann an téacs. ‘An úrscéal é? nó an gearrscéal? nóibhille? nó dráma? nó dán?’, nó pé rud é féin atá i gceist? Agus arís d’fhéadfá fillleadh ansin ar leagan amach an leabhair. ‘Cad é an chuma atá air?’ Agus ‘Cad é an ceangal idir an leagan amach agus na daoine ar a bhfuil an leabhar dírithe?’ Ba cheart duit a bheith ag smaoinéamh chomh maith ar fhocail agus ar fhrásaí a chuideoidh leat agus tú ag nochtadh do chuid tuairimí agus tú ag cur do chuid anailíse abair, i láthair. Agus b’fhéidir go mba mhaith leat foclóir léirmheastóireachta agus frásaí úsáideacha a chur le chéile ionas go mbeidh tú ábalta tarraingt air seo agus léirmheas de do chuid féin á ullmhú agat ar an téacs.

\* ‘suíomhanna’ a deirtear